



**ADVANCED SUBSIDIARY (AS)  
General Certificate of Education  
2010**

---

## **Matamaitic**

**Aonad Measúnaithe C1**

*ag measúnú*

**Modúl C1: AS Croímhhatamaitic 1**

**[AMC11]**



**DÉ CÉADAON 9 MEITHEAMH, IARNÓIN**

---

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

### **TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá leis seo. Freagair **gach ceann de na hocht** gceist.

Taispeáin go soiléir forbairt ionmlán do fhreagraí.

Ba cheart na freagraí a thabhairt ceart go dtí 3 fhiúr bhunúsacha mura ndeirtear a mhalaírt.

**Níl cead agat aon áis ríomhaireachta a úsáid sa pháipéar seo.**

### **EOLAS D'IARRTHÓIRI**

Is é 75 an marc ionmlán don pháipéar seo.

Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Tá cóip den **leabhrán Foirmlí Matamaitice agus Táblaí** ar fáil.

**Freagair gach ceann de na hocht gceist.**

**Taispeáin go soiléir forbairt iomlán do fhreagraí.**

**Ba chóir freagraí a thabhairt ceart go dtí 3 fhiúr bhunúsacha mura ndeirtear a mhalaírt.**

**Níl cead agat aon áis ríomhaireachta a úsáid sa pháipéar seo.**

- 1** Is iad  $(4, -7)$  agus  $(-2, 3)$  na pointí A agus B faoi seach.

**(i)** Faigh P, lárphointe AB. [1]

**(ii)** Faigh cothromóid na líne trí P atá ingearach le AB. [5]

- 2** Nuair a roinntear an slonn

$$ax^3 - 3x^2 + bx + 6$$

ar  $(x + 1)$ , beidh fuílleach de 12 ann.

**(i)** Scríobh cothromóid a cheanglaíonn  $a$  agus  $b$ . [3]


Tá fachtóir  $(x - 3)$  ag an slonn

$$ax^3 - 3x^2 + bx + 6$$

**(ii)** Scríobh cothromóid eile a cheanglaíonn  $a$  agus  $b$ . [2]

**(iii)** Uaidh sin, faigh luachanna  $a$  agus  $b$ . [2]

- 3 Taispeánann an léaráid in **Fíor 1** anseo thíos graf an chuair  $y = f(x)$ .  
Tá pointe A, (5, 4) ar an chuar.



**Fíor 1**

Sceitseáil, ar léaráidí leithleacha, na graif de

(i)  $y = f(x) - 1$  [2]

(ii)  $y = -f(x)$  [2]

(iii)  $y = f(2x)$  [2]

agus taispeán go soiléir íomhá pointe A ar gach sceitse.

- 4 (a) Simplígh a mhéad agus is féidir

$$\frac{9x^2 - 4}{2x + 1} \div \frac{3x - 2}{6x + 3} \quad [5]$$

- (b) Athscríobh an slonn

$$\frac{3 - \sqrt{7}}{\sqrt{7} - 2}$$

agus ainmneoir cóimheasta aige. [4]

- (c) Réitigh an chothromóid

$$3^{x+1} = \frac{27^x}{9} \quad [5]$$

**5** Is é

$$y = x^4 - 2x^3$$

cothromóid cuairt

- (i) Faigh  $\frac{dy}{dx}$  [2]

- (ii) Faigh comhordanáidí  $x$  na bpointí cónaitheacha ar an chuar agus faigh a gcineál. [7]

**6** (i) Sceitseáil graf an chuairt

$$y = \frac{10}{x} \quad [2]$$

- (ii) Ar an léaráid chéanna, sceitseáil an líne

$$y = 3x + 13 \quad [1]$$

- (iii) Faigh comhordanáidí na bpointí mar a dtrasnaíonn an cuar  $y = \frac{10}{x}$

agus an líne  $y = 3x + 13$  a chéile. [6]

**7** (a) Tá páirc dhronuilleogach  $2x$  méadar ar leithead.

Tá sí  $(x + 10)$  méadar ar fad.

Is é  $800 \text{ m}^2$  achar na páirce.

- (i) Taispeáin go bhfuil


$$x^2 + 10x - 400 = 0 \quad [2]$$

- (ii) Uaidh sin, faigh i bhfoirm shurda, leithead agus fad na páirce. [4]

- (b) Faigh an raon de luachanna  $p$  dá bhfuil dhá fhréamh ar leith ag an chothromóid

$$px^2 - 3x + (5 - p) = 0 \quad [7]$$

- 8 Cruth dronuilleoige a bheidh ar pháirc imeartha nua. Beidh leathchiorcal ag gach ceann na páirce mar a thaispeántar in **Fíor 2** anseo thíos.



**Fíor 2**

Is é  $l$  méadar fad na dronuilleoige agus is é  $r$  méadar ga an leathchiorcail.

- (i) Scríobh slonn i dtéarmaí  $l$  agus  $r$  d'implíne na páirce imeartha. [1]

Caithfidh imlíné na páirce a bheith 400 m ar fad.

- (ii) Faigh slonn do  $l$  i dtéarmaí  $r$ . [2]

- (iii) Agus calcas in úsáid, faigh toisí na páirce imeartha a fhágfaidh go mbeidh uasachar ag an **dronuilleog**. [8]

---

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

---





